



# **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS**

## **AN CÚIGIÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH IS FICHE**

### **IN OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE, ARD MHACHA, AGUS TRÍ FHÍSCHOMHDHÁIL**

**18 NOLLAIG 2020**

## **CHOMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an cúigiú cruinniú is fiche de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Oifigí Chomhrúnaíocht na Comhairle, Ard Mhacha, agus trí fhíschomhdháil an 18 Nollaig 2020.
2. Bhí Feidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi stiúir ag an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, an Chéad-Aire, agus Michelle O'Neill CTR, an LeasChéad-Aire, a rinne comhchathaoirleacht ar an chruinniú. Bhí Rialtas na hÉireann faoi stiúir ag an Taoiseach Micheál Martin TD. Tá liosta iomlán de na comhaltaí den dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.

### **TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR AN DUL CHUN CINN**

3. D'fháiltigh na hAirí roimh atosú na gcruinnithe earnála de chuid CATT agus luaigh siad gur cuireadh cruinnithe de chuid gach ceann d'Earnálacha CATT ar siúl ón chruinniú iomlánach deireanach i mí Iúil 2020 i leith. Luaigh siad gur cuireadh cruinnithe ar siúl trí fhíschomhdháil de bharr srianta Covid-19 sa dá dhá dháinse agus go n-atosófaí cruinnithe duine le duine a luaithe a cheadaítear iad leis na coinníollacha sláinte poiblí.

4. Luaigh an Chomhairle gur bhreithnigh gach earnáil raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear an téarnamh Covid-19, tosaíochtaí, cláir oibre, agus impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le nithe éagsúla atá sonrach don earnáil.

## **AN FHREAGAIRT DO COVID-19**

5. Thug an Dr Michael McBride agus an Dr Tony Holohan, na Príomhoifigigh Leighis, faisnéis don Chomhairle ar an staid sláinte poiblí reatha agus ar an dlúthchomhar leanúnach atá ar bun mar fhreagairt don phaindéim Covid-19. Phléigh na hAirí na bearta atá á gcur chun feidhme sa dá dhlínse chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus chun tarchur an víris a theorannú.
6. Chuir an Chomhairle a brón in iúl do gach duine a chaill daoine muinteartha mar thoradh ar an phaindéim Covid-19 agus mhol sí saoránaigh an dá dhlínse as an mhéid atá siad ag cloí leis na srianta a forchuireadh de bharr na paindéime agus as a n-iarrachtaí agus a mbuanseasmhacht i dtaca leis an ráig a láimhseáil. Ghabh CATT buíochas le gach duine a ghlac páirt sa fhreagairt don phaindéim Covid-19, go háirithe na hoibrithe túslíne cúram sláinte agus cúraim shóisialta a thaispeáin crógacht, athléimneacht agus tiomantas inmholta dá gcuid oibre. Ghabh an Chomhairle buíochas fosta leis an mhórfhórsa saothair oibrithe bunriachtanacha a choinnigh a lán seirbhísí agus saoráidí éagsúla i mbun feidhme, agus iad ag déanamh amhlaidh in imthosca dúshlánacha go minic.
7. Thug Airí aitheantas do thionchar na paindéime ar shochaí agus geilleagar an dá dhlínse agus d'fháiltigh siad roimh na bearta a chuir an dá Údarás Riaracháin i bhfeidhm chun tacú le pobail agus gnóthais atá thíos leis an ghéarchéim agus chun cabhrú leis an téarnamh geilleagrach. Fáiltíodh roimh an dul chun cinn a rinneadh le déanaí ar vacsaín a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
8. Luaigh an Chomhairle gur cuireadh cruinniú de chuid CATT san earnáil Sláinte ar siúl an 2 Deireadh Fómhair agus d'athbhreithnigh sí an comhar leanúnach atá ar bun chun freagairt don phaindéim. Luaigh an Chomhairle gur breithníodh an fhreagairt do Covid-19 i gcruinnithe de chuid na Comhairle in earnálacha ábhartha fosta. Chomhaontaigh na hAirí go leanfaí ar aghaidh ag déanamh breithniú i gcruinnithe na Comhairle sa todhchaí in earnálacha ábhartha ar an dóigh a bhféadfaí cineálacha comhoibríocha comhaontaithe cur chuige rannchuidiú leis an téarnamh geilleagrach agus sóisialta a chur chun cinn i gcomhthéacs Covid-19.

## **IMPLEACHTAÍ THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH**

9. Chuir na hAirí in iúl an athuir gur thug an Chomhairle aitheantas sa chruinniú lomlánach deireanach a bhí aici an 31 Iúil 2020 go bhfuil leas coiteann ag an dá dhlínse sa chur isteach ar an trádáil agus an ghníomhaíocht gheilleagrach ar an oileán a íoslaghdú. Luaigh siad fosta go bhfuil plé ar bun ar fud na n-earnálacha éagsúla de chuid CATT ar impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Luaigh siad gurb amhlaidh, i bhfianaise na hidirbheartaíochta atá ar siúl fós, nach bhfuil soiléire iomlán ar fáil go fóill ar an tionchar a bheidh ann ar an chomhar i roinnt réimsí.
10. Beag beann ar an toradh ar an idirbheartaíocht, chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart leanúint leis an teagmháil idir na hÚdaráis Riaracháin ar an ní sin laistigh de struchtúir na Comhairle agus in áiteanna eile, agus aird á tabhairt ar an staid a bhíonn ag athrú. Luaigh na hAirí an ról a tugadh do CATT maidir le tograí a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail a chur isteach chuig an Choiste Speisialaithe a bunaíodh chun breithniú a dhéanamh ar shaincheistean a bhaineann leis an Phrótacal ar Éirinn/Thuaisceart Éireann. Chomhaontaigh siad fosta gur cheart d'oifigigh féachaint le sásra cuí a fhorbairt chun go mbeadh na hAirí in ann teacht ar chomhaontú le haghaidh tograí a tharchur chuig an Choiste Speisialaithe.

## **GEALLTANNAIS NEW DECADE, NEW APPROACH**

11. Le linn chruinniú lomlánach CATT a cuireadh ar siúl an 31 Iúil 2020, tugadh breac-chuntas ar bhealach ar aghaidh le haghaidh gnéithe a bhaineann le gealltanais New Decade, New Approach agus iarradh go dtabharfadh na hAirí ábhartha agus a gcuid oifigeach an plé ar na gealltanais sin ar aghaidh, lena n-áirítear trí obair na n-earnálacha ábhartha de chuid CATT.
12. Luaigh na hAirí go ndearnadh plé ar ghealltanais éagsúla le linn cruinnithe Earnála de chuid CATT agus ar bhonn déthaobhach idir Airí i gcás go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar na gealltanais lasmuigh de struchtúir CATT agus:
  - luaigh siad go bhfuil an dá Údarás Riaracháin tiomanta do Chonair Iompair an Iarthair/an A5 a sholáthar agus go mbeadh an Tuarascáil Eatramhach ón Fhiosrúchán Poiblí mar bhonn eolais faoi na chéad chéimeanna eile den tionscadal;
  - luaigh siad go bhfuil an dá Údarás Riaracháin ag leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal athchóiriúcháin Chanáil Uladh agus go bhfuil Glasbhealach Chanáil Uladh, arb í Céim 1 den athchóiriú (Loch Éirne Uachtair go Caisleán Shandarsan), chóir a bheith curtha i gcrích agus go gcuirfí tús le Céim 2 den athchóiriú (Cluain Fada go Cluain Eois) go luath sa bhliain 2021. Cuirfear tús le céim an deartha, na hindéantachta innealtóireachta agus na réamhthógála de Chéim 3 (Caisleán Shandarsan go Cluain Fada) sa bhliain 2021;

- d'fháiltigh siad roimh an chur chuige straitéiseach atá á ghlacadh i leith an athbhreithnithe ar an ghréasán iarnróid sa dá dhá dhéanadh agus roimh an teagmháil a rinneadh go dtí seo maidir le Téarmaí Tagartha a fhorbairt le haghaidh an athbhreithnithe d'fhonn an próiseas tairisceana a sheoladh sa chéad ráithe den bhliain 2021;
  - luaigh siad go bhfuil an dá Údarás Riaracháin ag breithniú na gcéad chéimeanna eile chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal Dhroichead Chaol Uisce agus go bhfiosródh na hAirí cén dóigh a bhféadfaí an tionscadal a chur ar aghaidh, lena n-áirítear ag an chéad chruinniú eile de chuid CATT ar an lompair;
  - luaigh siad gur chuir an Roinn Iompair tús le hathbhreithniú ar an aernascacht agus go bhfuil sí i mbun teagmhála le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Geilleagair agus an Roinn Iompair (an Ríocht Aontaithe). Luaigh siad fosta go mbreithneofaí san athbhreithniú an tionchar féideartha ar an nascacht réigiúnach, ar an inbhuanaitheacht agus ar an athrú aeráide;
  - d'fháiltigh siad roimh an obair atá á déanamh ag Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí chun forbairt Ghlasbhealach Shligigh-Inis Ceithleann a chur ar aghaidh mar chomhthionscadal;
  - luaigh siad go dtiocfadh oifigigh shinsearacha ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Roinn Geilleagair le chéile go luath sa Bhliain Nua chun an soláthar Ardoideachais i réigiún an Iarthuaiscirt a phlé;
  - thug siad cuireadh do Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSrátha Báin ráiteas ar thosaíochtaí straitéiseacha uasdátaithe a fhorbairt do Réigiún an Iarthuaiscirt chun eolas a dhéanamh do rannpháirtíocht leanúnach an dá Údarás Riaracháin i gComhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt; agus
  - d'fháiltigh siad roimh an chomhar a rinneadh le déanaí idir an dá Údarás Riaracháin chun tacú le taighde tríd an ghlaó mearfhreagartha Covid-19 ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus luaigh siad go ndéanfaí tuilleadh plé idir Airí agus oifigigh i dtaca le comhar i réimse an taighde agus na nuálaíochta;
13. Chomhaontaigh an Chomhairle go gcoinneofaí *gealltanais New Decade, New Approach* ar chlár oibre na n-earnálacha ábhartha de chuid CATT agus go dtabharfaí an t-eolas is deireanaí don Chomhairle le linn na gcruinnithe lomlánacha de chuid CATT sa toadhcháil.

## **CRUINNITHE DE CHUID CATT SA TODHCHAÍ**

14. D'fhormheas an Chomhairle sceideal ar mhol an Chomhrúnaíocht é le haghaidh cruinnithe de chuid CATT sa todhchaí agus chomhaontaigh an Chomhairle go ndéanfadh na hAirí breithniú sna cruinnithe earnála atá le teacht ar thosaíochtaí agus cláir oibre sna réimsí earnála ábhartha. Chomhaontaigh an Chomhairle go gcuirfí an chéad chruinniú lomlánach eile de chuid CATT ar siúl i mí an Mheithimh/mí Iúil 2021.

**An Chomhrúnaíocht  
18 Nollaig 2020**

**CRUINIÚ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS  
18 NOLLAIG 2020**

<b>Rialtas na hÉireann</b>	<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>
Micheál Martin TD An Taoiseach	An Ró-Onórach Arlene Foster CTR An Chéad-Aire
Leo Varadkar TD An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Michelle O'Neill CTR An LeasChéad-Aire
Eamon Ryan TD An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an tAire Iompair	Diane Dodds CTR An tAire Geilleagair
Paschal Donohoe TD An tAire Airgeadais	Deirdre Hargey CTR An tAire Pobal
Michael McGrath TD An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Nichola Mallon CTR An tAire Bonneagair
Simon Coveney TD An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta	Conor Murphy CTR An tAire Airgeadais
Norma Foley TD An tAire Oideachais	Edwin Poots CTR An tAire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe
Roderic O'Gorman TD An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	Robin Swann CTR An tAire Sláinte
Helen McEntee TD An tAire Dlí agus Cirt	Peter Weir CTR An tAire Oideachais
Heather Humphreys TD An tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail	Declan Kearney CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais
Darragh O'Brien TD An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	Gordon Lyons CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais
Catherine Martin TD An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	Naomi Long CTR An tAire Dlí agus Cirt
Stephen Donnelly TD An tAire Sláinte	
Simon Harris TD	

An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	
Charlie McConalogue TD An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara	